Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Nóta Faisnéise 2022/1

## Alt 385 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, agus ceapadh iniúchóirí ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

**Réamhrá**
Pléitear sa Nóta Faisnéise seo le halt 385 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 ("Acht 2014"), rud lena dtugtar de chumhacht don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iniúchóir a cheapadh chuig cuideachta i gcás nár ceapadh iniúchóir ar bith ag cruinniú ginearálta.

Tá aird ann ar oibriú na forála sin d'Acht 2014 anois i gcomhthéacs an iniúchta ar chuideachtaí atá cláraithe in Éirinn agus i gcomhthéacs chomhlíonadh na smachtbhannaí a d'fhorchuir an tAontas Eorpach ar an Rúis tar éis an ionraidh ar an Úcráin i mí Feabhra i mbliana.

Is é cuspóir an Nóta Faisnéise seo forbhreathnú ardleibhéil a thabhairt ar na saincheisteanna atá i gceist chun tairbhe do gheallsealbhóirí. Ní mionanailís dhlíthiúil é ar na forálacha reachtúla iomchuí, agus níor cheart é a léirmhíniú ná a fhorléiriú mar sin. I ngach cás, ba cheart do na páirtithe lena mbaineann a gcomhairle dlí féin a lorg maidir le hoibriú Acht 2014 agus maidir leis an léirmhíniú atá air, má mheastar é sin a bheith riachtanach nó stuama.

**Alt 385(1) d'Acht 2014 - ceapadh iniúchóirí ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
Foráiltear don mhéid seo a leanas le halt 385(1) (arna leasú):

> *"I gcás nach gceapfaidh na comhaltaí iniúchóirí reachtúla ar bith ag cruinniú ginearálta bliantúil de chuideachta agus nach mbeidh an chuideachta i dteideal leas a bhaint as an díolúine ó iniúchadh, féadfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach duine amháin nó níos mó a cheapadh chun post iniúchóirí reachtúla na cuideachta a líonadh".*

**Na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar chuideachtaí i gcás nár cheap na comhaltaí iniúchóir reachtúil ar bith, agus forálacha iomchuí gaolmhara**
Ní mór do chuideachta, laistigh de **sheachtain** tar éis Cruinniú Ginearálta Bliantúil ag ar cheart iniúchóir reachtúil a cheapadh, ach nár ceapadh iniúchóir reachtúil ar bith aige, fógra ina thaobh sin a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach[1]. Maidir leis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, má mhainníonn cuideachta fógra den sórt sin a thabhairt laistigh den chreat ama forordaithe, a bheidh an chuideachta agus gach oifigeach a rinne mainneachtain ciontach i gcion de chuid earnáil 3, rud lena ngabhann téarma príosúnachta ar feadh sé mhí ar a mhéad agus/nó fíneáil d'Aicme A[2].

**Cineál na cumhachta atá ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iniúchóir reachtúil a cheapadh chuig cuideachta**
Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach den tuairim gur ar an gcuideachta, seachas ar an iniúchóir, a dhírítear an chumhacht a thugtar dó le halt 385(1) chun iniúchóir reachtúil a cheapadh chuig cuideachta, i.e., tá an chumhacht sin ceaptha chun a chinntiú nach gcuirfidh cuideachtaí ó rath an ceanglas atá ann iniúchóir reachtúil a bheith i bhfeidhm acu trí mhainneachtain iniúchóir reachtúil ar bith a cheapadh.

**An díriú ar alt 385 le déanaí**
Tar éis ionradh na Rúise ar an gCrimé sa bhliain 2014, agus tar éis an ionraidh ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, treisíodh diaidh ar ndiaidh le smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh in aghaidh na Rúise. Leis an bpacáiste is déanaí lena dtreisítear leis na smachtbhannaí, ar pacáiste é a tugadh isteach an 3 Meitheamh 2022, toirmisctear seirbhísí gairmiúla éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí iniúchóireachta, a sholáthar do Rialtas na Rúise nó d'eintitis atá bunaithe sa Rúis.
I gcás conarthaí iniúchóireachta a bhí i bhfeidhm cheana féin, ceanglaíodh ar iniúchóirí iad féin a chur i gcomhréir leis na smachtbhannaí nua sin faoin 5 Iúil 2022.

Roghnaigh roinnt gnólachtaí seirbhísí gairmiúla scor de ghníomhú mar iniúchóirí reachtúla do chuideachtaí Éireannacha ar fochuideachtaí de chuid cuideachtaí Rúiseacha iad agus/nó a sholáthraíonn seirbhísí do chuideachtaí Rúiseacha agus do Rúisigh aonair - lena n-áirítear soláthraithe éagsúla seirbhísí iontaobhie agus cuideachta.

Ba faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, a corpraíodh na cuideachtaí Éireannacha sin, agus tá oibleagáidí gaolmhara orthu ina leith sin, lena n-áirítear i ndáil lena chinntiú go ndéantar iniúchadh ar a ráitis airgeadais reachtúla. Is eol don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go mbíonn cuideachtaí áirithe ag teacht ar dheacracht maidir le seirbhísí iniúchóirí reachtúla a áirithiú i gcomhthéacs oibriú an chórais smachtbhannaí.

[1] Féach alt 385(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.
[2] Féach alt 385(3) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

**An éifeacht atá ag smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh ar sheirbhísí iniúchóireachta a sholáthar**
Níl sé suite go cinntitheach gur le córas smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh a thoirmisctear seirbhísí iniúchóireachta agus cuntasaíochta a sholáthar do chuideachtaí Éireannacha, fiú amháin i gcás gur fochuideachtaí atá ar lánúinéireacht ag cuideachtaí Rúiseacha iad. Dá réir sin, tá seans ann, faoi réir forálacha frith-imchéimniúcháin an chórais smachtbhannaí, go bhfuil daoine aonair agus gnólachtaí seirbhísí gairmiúla atá údaraithe go cuí i dteideal leanúint le gníomhú mar iniúchóirí reachtúla do chuideachtaí den sórt sin.

Beag beann air sin, is cosúil gur roghnaigh roinnt gnólachtaí seirbhísí gairmiúla éirí as an ról mar iniúchóirí reachtúla do chuideachtaí Éireannacha iomchuí, agus é sin á dhéanamh acu ar fhorais bhainistíochta riosca, eiticiúla agus/nó chlú, seachas ar chúiseanna dlíthiúla.

**Na hiarmhairtí do na cuideachtaí lena mbaineann**
Gabhann tairbhí suntasacha le corprú faoi Acht 2014, lena n-áirítear, mar shampla, dliteanas teoranta. Gabhann dualgais agus freagrachtaí leis na tairbhí sin freisin, áfach, agus is dochraideach atá roinnt de na dualgais agus na freagrachtaí sin. I gcás nach mbeidh cuideachta in ann iniúchóir reachtúil a cheapadh toisc nach bhfuil iniúchóir reachtúil ar bith sásta gníomhú sa cháil sin:

- beidh iarmhairtí tromchúiseacha ann maidir leis an gcumas a bheidh aici Acht 2014 a chomhlíonadh, agus is féidir go mbeidh iarmhairtí dosheachanta ann d'inmharthanacht na cuideachta, agus

- is féidir go bhfágfar an chuideachta, agus a stiúrthóirí, ar neamhchosaint ar riosca.

Tá iniúchadh reachtúil ina ghné ríthábhachtach de chreat dlí cuideachtaí na hÉireann. Mar sin, glacfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cur chuige láidir i leith neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí faoi dhlí na gcuideachtaí dá dtagraítear anseo istigh.

**AN tÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH**
**29 IÚIL 2022**